Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Eanáir 2024
(OR. en)

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2022/0025(NLE)**
**2023/0403(NLE)**

**15638/1/23**
**REV 1**

**POLCOM 279**
**FDI 33**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15637/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, i ndáil le cinneadh a ghlacadh maidir le léirmhíniú Airteagal 8.10, Iarscríbhinn 8-A, Airteagal 8.9.1 agus Airteagal 8.39.3 de CETA i gcomhréir le hAirteagal 26.1.5(e) de CETA<br>– Glacadh |

1. In 2022, thosaigh an Coimisiún agus Ceanada ag plé an léirmhínithe ar fhorálacha infheistíochta áirithe sa Chomhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir an tAontas agus Ceanada.

2. An 6 Meán Fómhair 2023, chuir an Coimisiún in iúl don Choiste um an mBeartas Trádála (Saineolaithe – Seirbhísí agus Infheistíocht) (TPCSI) go raibh an chaibidlíocht tugtha i gcrích aige.

3. An 17 Samhain 2023, tharchuir an Coimisiún chuig Ardrúnaíocht na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, i ndáil le cinneadh a bheartaítear a ghlacadh maidir le léirmhíniú Airteagal 8.10, Iarscríbhinn 8-A, Airteagal 8.9.1 agus Airteagal 8.39.3 de CETA i gcomhréir le hAirteagal 26.1.5(e)[1].

4. An 6 Nollaig 2023, d'fhormhuinigh TPCSI an togra ón gCoimisiún, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch. A mhéid a thagann sé faoina n-inniúlacht féin freisin, bhí na Ballstáit uile in ann glacadh an Chinnidh seo, nach féidir a fhorléiriú ina leith go ndéanann sé difear d'inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach, a chomhaontú.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 15637/23 + ADD1; agus

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig an bParlaimint.

---

[1] 15637/23 agus 15637/23 ADD1.